



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstiúideach:
2023/0338(NLE)**

**13540/23
ADD 5**

**ACP 88
WTO 144
COAFR 324
RELEX 1101**

TOGRA

| | |
|---------------------------|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 562 final - IARSCRÍBHINN 5 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 562 final - IARSCRÍBHINN 5.

Faoi iamh: COM(2023) 562 final - IARSCRÍBHINN 5



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2023
COM(2023) 562 final

ANNEX 5

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile

TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

AIRTEAGAL 1

Comhthéacs agus Cuspóirí

1. Meabhraíonn na Páirtithe Clár 21 agus Dearbhú Rio maidir le Comhshaol agus Forbairt, arna ghlacadh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe (NA) ar Chomhshaol agus Forbairt in Rio de Janeiro, an 3 go dtí an 14 Meitheamh 1992, Plean Cur Chun Feidhme an Chruinnithe Mhullaigh Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe Johannesburg 2002, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ('EIS') maidir le Ceartas Sóisialta don Domhandú Cothrom, arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag a 97ú Seisiún, a reáchtáladh sa Ghinéiv an 10 Meitheamh 2008 (Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta don Domhandú Cothrom), an Doiciméad Toraidh ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe 2012 dar teideal 'The Future We Want' [An Todhchaí atá Uainn] arna fhorghníú ag Rún 66/288 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a glacadh an 27 Iúil 2012, Rún 70/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015 ina bhfuil an Doiciméad Toraidh dar teideal 'I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe' agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (Clár Oibre 2030), agus Dearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre, arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag a 108ú Seisiún a reáchtáladh sa Ghinéiv an 21 Meitheamh 2019.

2. Aithníonn na Páirtithe gurb é a chuimsítear leis an bhforbairt inbhuanaithe forbairt eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil, go bhfuil na trí ní spleách ar a chéile agus go dtreisiúnn siad a chéile, agus athdhearbhaíonn siad a dtiomantas chun forbairt na trádála agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach lena gcuidítear le cuspóir na forbartha inbhuanaithe.

3. Aithníonn na Páirtithe an géarghá aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, mar a léirítear sa tuarascáil speisialta ar ‘Théamh Domhanda 1.5 °C’ de chuid an Phainéil Idir- Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC), mar rannchuidiú leis na cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil i ndáil le forbairt inbhuanaithe.

4. I bhfianaise a bhfuil thuas, is é is cuspóir don Iarscríbhinn seo comhtháthú na forbartha inbhuanaithe a fheabhsú, go háirithe na gnéithe saothair¹ agus comhshaoil, i gcaidreamh trádála agus infheistíochta na bPáirtithe, lena n- áirítear trí idirphlé agus comhar a neartú.

AIRTEAGAL 2

An Ceart chun Rialála agus Leibhéil Chosanta

1. Aithníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí a bheartais agus a thosaíochtaí forbartha inbhuanaithe a chinneadh, na leibhéil cosanta intíre don chomhshaoil agus don lucht saothair a mheasann sé a bheith iomchuí a bhunú agus a dhlíthe agus a bheartais ábhartha a ghlacadh nó a mhodhnú. Beidh leibhéil, dlíthe agus beartais den sórt sin i gcomhréir le gealltanas gach Páirtí do na caighdeáin agus na comhaontuithe a aithnítear go hidirnáisiúnta dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo.

2. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall chun a áirithiú go ndéanfar foráil ina dhlí agus ina bheartais ábhartha maidir le leibhéil arda cosanta comhshaoil agus saothair, agus spreagfaidh sé a leithéid, agus déanfaidh sé gach iarracht chun feabhas a chur ar na leibhéil, na dlíthe agus na beartais sin.

¹ Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn an téarma ‘saothar’ cuspóirí straitéiseacha EIS faoin gClár Oibre um Obair Chuibhiúil, a léirítear i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí na leibhéal chosanta a thugtar ina dhlí comhshaoil nó saothair a lagú ná a laghdú agus é ar intinn aige trádáil nó infheistíocht a spreagadh.
4. Ní dhéanfaidh Páirtí a dhlí comhshaoil ná saothair a tharscaoileadh ná maolú uaidh ar bhealach eile, ná ní dhéanfaidh sé a leithéid a thairiscint, agus é ar intinn aige trádáil nó infheistíocht a spreagadh.
5. Ní mhainneoidh Páirtí, trí ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht leanúnach nó athfhillteach, a dhlí comhshaoil ná a dhlí saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.
6. Aithníonn na Páirtithe beartais agus tosaíochtaí forbraíochta a chéile maidir lena dtoilmhianta trádála agus infheistíochta i gcomhréir leis na forálacha Ionramhála Speisialta agus Dífreálaí faoi Chomhaontú EDT agus i gcomhréir le gealltanais gach Páirtí do na caighdeáin agus na comhaontuithe a aithnítear go hidirnáisiúnta faoin Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 3

Caighdeáin agus Comhaontuithe Iltaobhacha Saothair

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a thiomanta atá siad forbairt na trádála idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a gcuideoidh le hobair chuibhiúil do chách, mar a cuireadh in iúl i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom. .

2. I gcomhréir le Bunreacht EIS a glacadh mar Chuid XIII de Chonradh Versailles a síníodh an 28 Meitheamh 1919, agus le Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus lena Bhearta leantacha, arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag a 86ú Seisiún sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998 (Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair), agus mar a leasaíodh é ag a 110ú Seisiún in 2022, déanfaidh gach Páirtí na prionsabail maidir le cearta bunúsacha san obair a urramú, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm, mar a shainmhínítear sna Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS, is iad sin:

- (a) an tsaoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach a thabhairt don cheart cómhargála;
- (b) gach cineál saothair éignithe nó éigeantaigh a dhíothú¹;
- (c) cealú éifeachtach saothair leanaí;
- (d) idirdhealú i leith fostaíochta agus gairm bheatha a dhíothú; agus
- (e) timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil.

3. Déanfaidh gach Páirtí iarrachtaí leanúnacha seasta chun Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS a dhaingniú mura bhfuil sé sin déanta acu go fóill.

4. Malartóidh na Páirtithe faisnéis go tráthrialta ar a staideanna agus a ndul chun cinn faoi seach maidir le daingniú Choinbhinsiúin nó phrótacail EIS arna n- aicmiú de bheith cothrom le dáta ag EIS.

¹ Sa chomhthéacs sin, dearbhaíonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le daingniú Phrótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais arna glacadh ag Comhdháil Ghinearálta na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ag a 103ú Seisiún sa Ghinéiv an 11 Meitheamh 2014.

5. Cuirfidh gach Páirtí chun feidhme go héifeachtach Coinbhinsiún EIS faoi seach atá daingnithe ag an Stát is Comhpháirtí EAC agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

6. Ag meabhrú dóibh Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom, tugann na Páirtithe faoi deara nach féidir sárú ar chearta agus prionsabail bhunúsacha ag an obair a agairt ná a úsáid ar bhealach eile mar bhuntáiste inchomparáide dlisteanach agus nár cheart caighdeáin saothair a úsáid chun críoch cosantaíoch trádála.

7. Déanfaidh gach Páirtí, trína dhlíthe agus a chleachtais, Clár Oibre de chuid EIS um Obair Chuibhiúil a chur chun cinn mar a leagtar amach i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) dálaí cuibhiúla oibre do chách, i ndáil le, i measc nithe eile, pá agus tuilleamh, uaireanta oibre, slándáil shóisialta a fheabhsú, dálaí oibre eile agus cosaint shóisialta;
- (b) idirphlé sóisialta faoi chúrsaí saothair i measc oibríthe agus fostóirí, agus a n- eagraíochtaí faoi seach, agus le húdaráis rialtais ábhartha.

8. Comhsheasmhach lena ghealltanais faoi EIS, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

- (a) bearta agus beartais a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, sábháilteacht agus sláinte cheirde, lena n- áirítear cúiteamh i gcás díobháil cheirde nó tinnis;
- (b) córas cigireachta saothair éifeachtach a choinneáil ar bun.

9. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus de bhearta a bhaineann leis an trádáil, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóiraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n- áirítear laistigh de EIS. Féadfaidh comhar den sórt sin an méid a leanas a chumhdach i measc nithe eile:

- (a) Coinbhinsiúin EIS bunúsacha, tosaíochta agus eile a bhfuil cothrom le dáta a chur chun feidhme;
- (b) obair chuibhiúil, lena n- áirítear na hidirnaisc idir trádáil agus fostaíocht iomlán agus tháirgiúil, coigeartú an mhargaidh saothair, croí- chaighdeán saothair, obair chuibhiúil sna slabhraí soláthair domhanda, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, idirphlé sóisialta agus comhionannas inscne;
- (c) tionchar an dlí saothair agus na gcaighdeán saothair ar thrádáil agus ar infheistíocht; nó tionchar an dlí trádála agus infheistíochta ar an saothar.

10. Breithneoidh na Páirtithe go cuí, de réir mar is iomchuí, aon tuairim a sholáthróidh ionadaithe de chuid oibríthe, fostóirí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus réimsí comhair á sainaitheint acu agus gníomhaíochtaí comhair á ndéanamh acu.

AIRTEAGAL 4

Trádáil agus Comhionannas Inscne

1. Aithníonn na Páirtithe go gcuireann beartais trádála ionchuimsitheacha le cumhachtú eacnamaíoch na mban agus comhionannas inscne a chur chun cinn, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 an Chláir Oibre 2030 agus le cuspóirí an Dearbhaithe Chomhpháirtigh ar Thrádáil agus Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan Tráth na Comhdhála Aireachta EDT a réachtáladh in Buenos Aires i mí na Nollag 2017. Aithníonn na Páirtithe go gcuireann mná go mór leis an bhfás eacnamaíoch trína rannpháirtíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch, lena n- áirítear trádáil idirnáisiúnta. Tugann na Páirtithe gealltanais go gcuirfidh siad forálacha an Chomhaontaithe seo chun feidhme ar bhealach lena gcuirtear comhionannas inscne chun cinn agus lena bhfeabhsaítear é.
2. Tá sé d'aidhm ag na Páirtithe a gcaidreamh trádála agus comhar a neartú ar bhealaí a sholáthraíonn go héifeachtach chomhionannas deiseanna agus cóir chomhionann do mhná agus fir chun tairbhiú d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo, lena n- áirítear in ábhair fostaíochta agus cheirde, i gcomhréir lena ngealltanais idirnáisiúnta.
3. Cuirfidh gach Páirtí a oibleagáidí chun feidhme go héifeachtach faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil sé ina pháirtí iontu ina dtugtar aghaidh ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban, lena n- áirítear an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979, agus aird á tabhairt go háirithe ar a fhorálacha a bhaineann le hidirdhealú in aghaidh na mban a dhíothú sa saol eacnamaíoch agus i réimse na fostaíochta. I dtaca leis sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi seach de bhun Airteagal 3 den Iarscríbhinn seo lena n- áirítear maidir le cur chun feidhme éifeachtach Choinbhinsiúin EIS a bhaineann le comhionannas inscne agus deireadh a chur le hidirdhealú i leith fostaíochta agus gairm bheatha.

4. Déanfaidh gach Páirtí iarracht a áirithiú go ndéantar foráil ina dhlí agus ina bheartais ábhartha, agus go spreagann siad cearta comhionanna, cóir chomhionann agus comhionannas deiseanna idir fir agus mná. Déanfaidh gach Páirtí iarracht feabhas a chur ar a dhlí agus a bheartais den sórt sin gan dochar do cheart gach Pháirtí a raon feidhme agus a leibhéal chosanta féin a bhunú le haghaidh comhionannas deiseanna d'fhir agus do mhná. Beidh dlí agus beartais den sórt sin i gcomhréir le gealltanais gach Pháirtí do na caighdeáin agus na comhaontuithe a aithnítear go hidirnáisiúnta dá dtagraítear san Airteagal seo.
5. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais de bhun Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo i ndáil lena ndlí faoi seach atá dírithe ar chomhionannas inscne nó comhionannas deiseanna do mhná agus fir a áirithiú.
6. Oibreoidh na Páirtithe le chéile go déthaobhach agus i bhfórait idirnáisiúnta ábhartha eile de réir mar is iomchuí chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bhearta agus beartais comhionannais inscne a bhaineann le hinfheistíocht, lena n- áirítear gníomhaíochtaí arna gceapadh chun feabhas a chur ar acmhainneacht agus coinníollacha na mban, lena n- áirítear oibrithe, mná gnó agus fiontraithe, chun rochtain a fháil ar na deiseanna a chruthaítear leis an gComhaontú seo agus chun tairbhiú díobh. D'fhéadfaí go gcumhdófaí le comhar den sórt sin malartú faisnéise agus dea- chleachtas a bhaineann le sonraí imdhealaithe de réir gnéis a bhailiú agus anailís bunaithe ar inscne a dhéanamh ar bheartais trádála.
7. Comhaontaíonn na Páirtithe ar a thábhachtaí atá sé faireachán agus measúnú a dhéanamh, i gcomhréir lena nósanna imeachta intíre, ar thionchar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo maidir le comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna a thugtar do mhná i ndáil le trádáil.

AIRTEAGAL 5

Rialachas agus Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rialachas comhshaoil idirnáisiúnta, go háirithe ról Comhthionóil Chomhshaoil de chuid na Náisiún Aontaithe (UNEA) de Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) chomh maith le comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha (MEAnna) mar fhreagairt ón gcomhphobal idirnáisiúnta ar dhúshlán chomhshaoil dhomhanda nó réigiúnacha agus leagann siad béim ar an ngá atá ann an chomhthacaíocht fhrithpháirteach idir beartais, rialacha agus bearta trádála agus comhshaoil a fheabhsú.
2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí na MEAnna, na prótacail agus na leasuithe atá daingnithe aige a chur chun feidhme go héifeachtach.
3. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú go tréimhsiúil, maidir lena staideanna faoi seach a mhéid a bhaineann le deimhnithe MEAnna, lena n- áirítear a bprótacail agus a leasuithe.
4. Dearbhaíonn na Páirtithe ceart gach Páirtí bearta a dhéanamh nó a choinneáil ar bun chun cuspóirí comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil ar páirtí iontu é a chur chun cinn. Meabhraíonn na Páirtithe go bhféadfadh údar a bheith le bearta arna nglacadh nó arna bhforfheidhmiú chun MEAnna den sórt sin a chur chun feidhme de bhun Chuid VIII den Chomhaontú seo.
5. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus de bhearta comhshaoil a bhaineann leis an trádáil, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n- áirítear i bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, UNEP, UNEA, MEAnna, agus EDT. Féadfaidh comhar den sórt sin an méid a leanas a chumhdach i measc nithe eile:

- (a) beartais agus bearta a chothaíonn tacaíocht fhrithpháirteach do thrádáil agus an comhshaol, lena n- áirítear:
- faisnéis a chomhroinnt maidir le beartais agus cleachtais agus tionscnaimh a chur chun cinn chun an t- aistriú chuig geilleagar ciorclach a spreagadh;
 - tionscnaimh maidir le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, fás glas agus laghdú ar thruailliú a chur chun cinn;
 - faisnéis maidir le beartais agus cleachtais a mhalartú, agus comhsheasaimh a chur chun cinn, faoi chuimsiú MEAnna.
- (b) tionscnaimh chun trádáil agus infheistíocht in earraí agus seirbhísí comhshaoil a spreagadh, lena n- áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní gaolmhara taraife agus neamhtharaife;
- (c) tionchar an dlí comhshaoil agus na gcaighdeán comhshaoil ar thrádáil agus ar infheistíocht; nó tionchar dhlí na trádála agus na hinfeistíochta ar an gcomhshaol;
- (d) gnéithe eile MEAnna a bhaineann le trádáil, lena n- áirítear a bprótacail, a leasuithe agus a gcur chun feidhme.

6. Tabharfaidh na Páirtithe aird chuí, de réir mar is iomchuí, ar thuairimí nó ionchur ón bpobal ábhartha agus ó pháirtithe leasmhara maidir lena ngníomhaíochtaí comhair a shainmhíniú agus a chur chun feidhme, agus féadfaidh siad ról breise a thabhairt do na páirtithe leasmhara sin sna gníomhaíochtaí sin, de réir mar is iomchuí.

AIRTEAGAL 6

Trádáil agus Athrú Aeráide

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun an t- athrú aeráide agus a thionchair a chomhrac, agus aithníonn siad ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú, rud atá comhsheasmhach le Creat- Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a rinneadh i Nua- Eabhrac an 9 Bealtaine 1992 (UNFCCC), Comhaontú Pháras faoi UNFCCC, a rinneadh i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras), agus le MEAnna eile agus le hionstraimí iltaobhacha eile i réimse an athraithe aeráide.
2. I bhfianaise mhír 1, cuirfidh gach Páirtí UNFCCC agus Comhaontú Pháras chun feidhme go héifeachtach.
3. Le gealltanais gach Páirtí chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach de bhun mhír 2 áirítear oibleagáid chun staonadh ó aon ghníomh nó neamhghníomh a chuireann cuspóir agus críoch Chomhaontú Pháras ar neamhní go hábhartha.
4. Féadfaidh Páirtí bearta iomchuí a bhaineann leis an gComhaontú seo a dhéanamh i gcás sárú na hoibleagáide faoi mhír 3. Déanfar bearta iomchuí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 96 de Chomhaontú Cotonou nó forálacha comhfhreagracha a chomhaontaithe comharba, mar a fhoráiltear le hAirteagal 136.3 den Chomhaontú seo.

5. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

- (a) déanfaidh sé tacaíocht fhrithpháirteach a chur chun cinn i gcás beartas agus beart trádála agus aeráide agus, ar an gcaoi sin, cuirfidh leis an aistriú i dtreo *geilleagair d'astaíochtaí isle gás ceaptha teasa*, i dtreo geilleagar atá tíosach ar acmhainní agus geilleagar ciorclach, agus i dtreo forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de;
- (b) éascóidh sé baint bacainní ar thrádáil agus ar infheistíocht in earraí agus i seirbhísí, ar earraí agus seirbhísí iad a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, amhail fuinneamh in- athnuaite, agus táirgí agus seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh;

6. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun an comhar eatarthu a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus de bhearta don athrú aeráide a bhaineann le trádáil go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n- áirítear faoi UNFCCC, faoi Chomhaontú Pháras, faoi Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídionn an Ciseal Ózóin, a tugadh i gcrích ag Montréal an 16 Meán Fómhair 1987 (Prótacal Montréal), agus in EDT agus san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO). Féadfaidh comhar den sórt sin an méid a leanas a chumhdach i measc nithe eile:

- (a) idirphlé beartais agus comhar maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, amhail idirphlé agus comhar faoi bhealaí chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, fuinneamh in- athnuaite, teicneolaíochtaí ísealcharbóin, éifeachtúlacht fuinnimh, ullmhú agus glacadh gníomhaíochta praghsála carbóin lena n- áirítear Córas Trádála Astaíochtaí, iompar inbhuanaithe, forbairt bonneagair inbhuanaithe agus aeráid- díonach, agus faireachán ar astaíochtaí a chur chun cinn;
- (b) tacú le IMO bearta chun laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh uailmhianach agus éifeachtach a ghlacadh agus a fhorbairt, ar bearta iad a bheidh le cur chun feidhme ag longa atá i mbun trádáil idirnáisiúnta;

- (c) tacú le deireadh uailmhianach a chur le substaintí ídithe ózóin (ODSanna) agus hidreafluoracarbóin (HFCanna) a laghdú de réir a chéile faoi Phrótacal Montréal trí bhearta chun a dtáirgeadh, a dtomhaltas agus a dtrádáil a rialú, táirgí malartacha ar ODSanna agus HFCanna nach ndéanann díobháil don chomhshaol a thabhairt isteach, ; sábháilteacht agus caighdeán ábhartha eile a thabhairt cothrom le dáta chomh maith le trí thrádáil neamhdhleathach substaintí atá rialaithe ag Prótacal Montréal a chomhrac.

AIRTEAGAL 7

Trádáil agus Bithéagsúlacht

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe agus ról na trádála chun na cuspóirí sin a shaothrú, i gcomhréir leis na comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil ábhartha ar páirtí iontu iad, lena n- áirítear an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a rinneadh in Rio de Janeiro an 5 Meitheamh 1992 (dá ngairtear ‘an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht’ anseo feasta agus na Prótacail a ghabhann leis, agus an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol, a rinneadh in Washington D.C. an 3 Márta 1973 (dá ngairtear ‘CITES’ anseo feasta), agus na cinntí arna nglacadh faoi na Coinbhinsiúin sin.
2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:
 - (a) bearta éifeachtacha a chur i ngníomh chun gáinneáil neamhdhleathach ar fhiadhúlra a chomhrac, lena n- áirítear i leith tríú tíortha, de réir mar is iomchuí;

- (b) caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na speiceas a liostaítear in CITES agus cuimsiú speiceas ainmhithe agus plandaí sna Foscóibhinní a ghabhann le CITES a chur chun cinn i gcás ina meastar stádas caomhnaithe an speicis sin a bheith i mbaol mar gheall ar thrádáil idirnáisiúnta chomh maith le hathbheithnithe tréimhsiúla a dhéanamh, as a bhféadfaí moladh a dhéanamh chun na Foscóibhinní a ghabhann le CITES a leasú, chun a áirithiú go léirítear go hiomchuí iontu riachtanais chaomhnaithe na speiceas a bhfuil trádáil idirnáisiúnta ina mbagairt orthu;
- (c) trádáil i dtáirgí a chur chun cinn, i ndáil le táirgí a fhaightear ó úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíoch a chun rannchuidiú le caomhnú na bithéagsúlachta;
- (d) comhroinnt chóir agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as úsáid na n- acmhainní géiniteacha agus an eolais thraidisiúnta atá bainteach le hacmhainní géiniteacha a chur chun cinn, i gcomhréir le Prótacal Nagoya a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CB), a rinneadh ag Nagoya an 29 Deireadh Fómhair 2010 (Prótacal Nagoya);
- (e) bearta a dhéanamh chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus í faoi réir brúnna atá nasctha le trádáil agus infheistíocht, go háirithe chun cosc a chur ar leathadh zónóise agus speiceas coimhthíoch ionrach.

3. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bhearta agus beartais bithéagsúlachta a bhaineann le trádáil, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóiraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n- áirítear faoi CB agus CITES. Féadfaidh comhar den sórt sin an méid a leanas a chumhdach i measc nithe eile:

- (a) tionscnaimh agus dea- chleachtais maidir le trádáil táirgí agus seirbhísí arna ndíorthú ó úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíoch a chun é mar aidhm acu an bithéagsúlacht a chaomhnú;

- (b) trádáil fhreagrach agus caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, lena n- áirítear caipiteal nádúrtha agus modhanna cuntasáíochta éiceachórais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, luacháil a dhéanamh ar éiceachórais agus ar a seirbhísí agus ionstraimí eacnamaíochta gaolmhara, agus príomhshruthú na bithéagsúlachta i dtrádáil agus i bpróisis trádála;
- (c) gáinneáil neamhdhleathach ar fhiadhúlra a chomhrac, lena n- áirítear trí thionscnaimh chun an t- éileamh ar tháirgí neamhdhleathacha fiadhúlra a laghdú agus trí thionscnaimh chun feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus ar chomhar, forfheidhmiú an dlí, aistriú deonach teicneolaíochta, cláir mhalartaithe agus forbairt acmhainneachta;
- (d) rochtain ar acmhainní géiniteacha chomh maith leis na tairbhí a eascraíonn óna n- úsáid a chomhroinnt go cóir agus go cothromasach i gcomhréir le Prótacal Nagoya.

AIRTEAGAL 8

Trádáil agus Foraoisí

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus le bainistíocht inbhuanaithe foraoisí chun feidhmeanna comhshaoil agus deiseanna eacnamaíochta agus sóisialta a sholáthar don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht, agus aithníonn siad ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú.
2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:
 - (a) leanúint de bhearta a chur chun feidhme chun an lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil ghaolmhar a chomhrac, lena n- áirítear maidir le tríú tíortha, de réir mar is iomchuí, agus an trádáil i dtáirgí foraoise a baineadh go dleathach a chur chun cinn;

- (b) caomhnú agus bainistíocht inbhuanaithe foraoisí, agus trádáil agus tomhailt adhmaid agus táirgí adhmaid a lománaíodh de réir dhlí thír na lománaíochta agus a lománaíodh ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe, a chur chun cinn;
- (c) faisnéis a mhalartú leis an bPáirtí eile faoi thionscnaimh a bhaineann le trádáil maidir le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, caomhnú foraoisí, rialachas foraoise, tionscnaimh a dheartar chun lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac, agus beartais ábhartha eile ar beartais leasa choitinn iad agus dul i gcomhar chun tionchar agus tacaíocht fhrithpháirteach a uasmhéadú maidir lena mbeartais leasa choitinn faoi seach.
3. Ag aithint dóibh go bhfuil an dífhoraoisiú ina phríomhchúis le téamh domhanda agus cailliúint na bithéagsúlachta, déanfaidh na Páirtithe eolas agus taithe a mhalartú ar bhealaí chun tomhaltas agus trádáil táirgí ó shlabhraí soláthair gan dífhoraoisiú a spreagadh, chun an riosca a íoslaghdú go gcuirfear táirgí atá bainteach le dífhoraoisiú nó le díghrádú foraoisí ar an margadh.
4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe a bhaineann leis an trádáil i leith bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, feabhas a chur ar chaomhnú foraoisí, gach cineál dífhoraoisithe agus díghrádaithe foraoisí a íoslaghdú, feabhas a chur ar inrianaitheacht agus líne chúraim táirgí foraoise, tionscnaimh chun comhroinnt faisnéise a fheabhsú a chur chun cinn, lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac, agus ról na bhforaoisí a neartú i maolú ar an athrú aeráide, sa chomhrac in aghaidh cailliúint bithéagsúlachta agus sa gheilleagar ciorclach agus sa bhith- gheilleagar, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóiraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí.

AIRTEAGAL 9

Trádáil agus Bainistíocht Inbhuanaithe Acmhainní Bitheolaíocha na Mara agus an Dobharshaothraithe

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé acmhainní bitheolaíocha na mara agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chomh maith le dobharshaothrú freagrach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon leis an ról atá ag an trádáil chun na cuspóirí sin a shaothrú.
2. Aithníonn na Páirtithe go ndéanann iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) dochar do chaomhnú agus bainistíocht inbhuanaithe ar stoic éisc, go mbíonn tionchar diúltach aici ar shlí bheatha na bpobal iascaireachta agus orthu siúd a dhéanann trádáil in éisc agus i dtáirgí iascaigh. Deimhnítear leis sin an gá atá le gníomhaíocht chun iascaireacht NNN a chomhrac agus deireadh a chur léi agus chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna na ró- iascaireachta agus ar úsáid neamh- inbhuanaithe acmhainní iascaigh.
3. I bhfianaise mhíreanna 1 agus 2, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:
 - (a) bearta caomhnúcháin agus bainistíochta fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara a chur chun feidhme mar a shainmhínítear i gComhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslímistéir agus Stoc Éisc Mór- imirceach (Comhaontú Stoc Éisc) a glacadh i Nua- Eabhrac an 4 Lúnasa 1995 agus Comhaontú chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn ó Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), a glacadh sa Róimh an 24 Samhain 1993 (Comhaontú Comhlíontachta), agus Comhaontú FAO maidir le Bearta Stát an Chalafóirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, a rinneadh sa Róimh an 22 Samhain 2009 (PSMA) ;

- (b) gníomhú go comhsheasmhach le prionsabail UNCLOS, an Comhaontú Stoc Éisc, an Comhaontú Comhlíontachta, Cód Iompair d'Iascaigh Fhreagracha FAO, arna glacadh ag Rún 4/95 an 31 Deireadh Fómhair 1995 agus PSMA, agus a bheith rannpháirteach, de réir mar is iomchuí, i dtionscnamh FAO maidir le Taifead Domhanda na Soithí Iascaireachta, Soithí Iompair Cuisnithe agus Soithí Soláthair;
- (c) páirt ghníomhach a ghlacadh in obair na nEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) ina bhfuil siad ina gcomhaltaí, ina mbreathnóirí, nó ina bpáirtithe comhoibríocha neamhchonarthacha, arb é is aidhm dóibh dea- rialachas iascaigh agus iascaigh inbhuanaithe a bhaint amach, amhail trí thaighde eolaíochta a chur chun cinn agus bearta caomhnaithe a ghlacadh bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá le fáil, trí shásraí comhlíontachta a neartú, athbhreithnithe tréimhsiúla ar fheidhmíocht a dhéanamh agus rialú, faireachán agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhearta bainistithe de chuid ERBInna a ghlacadh agus, i gcás inarb infheidhme, doiciméadacht ghabhála nó scéimeanna deimhniúcháin bearta stát an chalafoirt a ghlacadh agus a chur chun feidhme;
- (d) bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun iascaireacht NNN a chomhrac, lena n- áirítear bearta chun táirgí NNN a eisiáimh ó shreafaí trádála agus dul i gcomhar chun malartú faisnéise a éascú chun forfheidhmiú inrianaitheachta a áirithiú;
- (e) forbairt do Bharshaothraithe inbhuanaithe agus fhreagraigh a chur chun cinn, agus na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de á gcur san áireamh, lena n- áirítear maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí agus na bprionsabal atá i gCód Iompair FAO d'iascaigh Fhreagracha.

(f) Caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na speiceas a liostaítear in CITES agus cuimsiú speiceas ainmhithe agus plandaí uisceacha sna Foscóibhinní a ghabhann le CITES a chur chun cinn i gcás ina meastar stádas caomhnaithe an speicis sin a bheith i mbaol mar gheall ar thrádáil idirnáisiúnta;

(g) An Coinbhinsiún maidir le Speicis Imirceacha Ainmhithe Fiáine a chomhlíonadh, a rinneadh ag Bonn an 23 Meitheamh 1979 (Coinbhinsiún Bonn) agus ionstraimí faoin gcoinbhinsiún sin, le haghaidh caomhnú inbhuanaithe speiceas imirceach, bainistíocht fo-ghabhála agus sonraí cur i dtír;

4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar agus a leasanna frithpháirteacha a neartú maidir le gnéithe a bhaineann le trádáil i mbeartais agus bearta iascaigh agus doharshaothraithe, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear in EDT, ERBInna, FAO agus ionstraimí iltaobhacha eile sa réimse sin, agus é mar aidhm acu cleachtais inbhuanaithe iascaireachta agus doharshaothraithe agus trádáil i dtáirgí éisc agus bia mara a chur chun cinn ó iascaigh a bhainistítear go hinbhuanaithe agus ón doharshaothrú. Oibreoidh na Páirtithe go dlúth le chéile agus cuirfidh siad dlús lena n-iarrachtaí Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 (saol faoin uisce) de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, a bhfuil sé mar aidhm di na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe lena n-áirítear truailliú mara de gach cineál a chosc agus a laghdú go mór, ó ghníomhaíochtaí talamh-bhuanaithe go háirithe, lena n-áirítear bruscar muirí agus truailliú cothaitheach, agus trí chaomhnú éiceachóras muirí a phríomhshruthú i mbeartais inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm.

AIRTEAGAL 10

Trádáil agus Infheistíocht a Thacaíonn le Forbairt Inbhuanaithe

1. Aithníonn na Páirtithe maidir le trádáil agus infheistíocht in earraí agus seirbhísí a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó a chuireann le dálaí sóisialta a fheabhsú agus le húsáid scéimeanna inbhuanaitheachta nó tionscnaimh dheonacha eile a chothú, gur féidir leo cuidiú go suntasach leis an bhforbairt inbhuanaithe.
2. Chuige sin, dhíchuir na Páirtithe dleachtanna custaim ar earraí comhshaoil de thionscnamh an Pháirtí eile de bhun Airteagail 10 agus 11 den Chomhaontú seo.
3. Thairis sin, rinne na Páirtithe gealltanais caibidlíocht maidir le seirbhísí comhshaoil agus gníomhaíochtaí monaraíochta a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 3 den Chomhaontú seo.
4. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí trádáil agus infheistíocht sa mhéid seo a leanas a chur chun cinn agus a éascú:
 - (a) earraí agus seirbhísí comhshaoil;
 - (b) earraí a chuireann le dálaí sóisialta feabhsaithe; agus
 - (c) earraí atá faoi réir scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta trédhearcacha, fíorasacha nach bhfuil míthreorach amhail scéimeanna trádála córa agus eiticiúla agus éicilipéid.

5. Is féidir go n- áireofar na nithe seo a leanas le trádáil agus infheistíocht dá dtagraítear i mír 4 a chur chun cinn agus a éascú:

- (a) gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus faisnéis agus feachtais oideachais phoiblí;
- (b) creataí beartais a ghlacadh atá fabhrach do na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a chur in úsáid;
- (c) glacadh scéimeanna trédhearcacha, fíorasacha nach bhfuil míthreorach a spreagadh, go háirithe le haghaidh FBManna;
- (d) aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhtharaife lena mbaineann; agus
- (e) tagairt do chaighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, amhail Coinbhinsiúin EIS agus treoirlínte nó MEAnna, arna dtabhairt cothrom le dáta ag na comhlachtaí ábhartha go tréimhsiúil.

6. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun an comhar eatarthu a neartú maidir le gnéithe trádála de shaincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta agus iltaobhacha de réir mar is iomchuí, lena n- áirítear trí mhalartú faisnéise, dea- chleachtas agus tionscnaimh for- rochtana.

AIRTEAGAL 11

Trádáil agus Iompar Gnó Freagrach agus Bainistiú an tSlabhra Soláthair

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le hiompar gnó freagrach agus cleachtais um fhreagracht shóisialta chorparáideach, lena n- áirítear slabhraí soláthair a bhainistiú ar bhealach freagrach, agus ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú.
2. I bhfianaise mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:
 - (a) iompar freagrach gnó agus freagracht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn, lena n- áirítear slabhraí soláthair a bhainistiú ar bhealach freagrach, trí chreataí beartais tacaíochta a sholáthar lena spreagtar gnólachtaí chun cleachtais ábhartha a ghlacadh;
 - (b) tacú le cloí, cur chun feidhme, bearta leantacha agus scaipeadh ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha, amhail Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) le haghaidh Fiontair Ilnáisiúnta, an Dearbhú Trípháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta ó EIS a glacadh sa Ghinéiv i mí na Samhna 1977, (Dearbhú Trípháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta EIS), Comhshocrú Domhanda NA agus Prionsabail Threoracha NA maidir le Gnó agus Cearta an Duine arna bhformhuiniú ag an gComhairle um Chearta an Duine lena Rún 17/4 an 16 Meitheamh 2011.

3. Aithníonn na Páirtithe áirgiúlacht treoirlínte idirnáisiúnta a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith i réimse na freagrachta sóisialta corparáidí / i réimse an iompair fhreagraigh gnó agus cuirfidh siad obair chomhpháirteach chun cinn ina leith sin. A mhéid a bhaineann le Treoir ECFE i dtaca le Dícheall Cuí do Shlabhraí Soláthair Freagracha Mianraí ó Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht agus ó Limistéir Ardriosca ábhartha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus na forlíontáin a ghabhann léi, cuirfidh na Páirtithe bearta chun feidhme chun glacadh treoraíochta den sórt sin a chur chun cinn. Mar chomhaltaí den Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain san Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta, músclóidh na Páirtithe feacht ar na ‘Principles for Responsible Investment in Agriculture and Food Systems’ agus na ‘Voluntary Guidelines on Responsible Governance of Tenure of Land, Fisheries and Forests in the Context of National Food Security’.

4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun an comhar eatarthu a neartú maidir le gnéithe trádála de shaincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóiraim idirnáisiúnta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear trí mhalartú faisnéise, dea- chleachtas agus tionscnaimh for- rochtana.

AIRTEAGAL 12

Faisnéis Eolaíoch agus Theicniúil

1. Agus bearta á mbunú nó á gcur chun feidhme ag na Páirtithe arb é is aidhm dóibh an comhshaol nó dálaí saothair a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d’infheistíocht a chosaint, déanfaidh gach Páirtí faisnéis eolaíoch agus theicniúil, caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, treoirlínte nó moltaí a bheidh le fáil a chur san áireamh.

2. I gcás ina bhfuil easpa lándeimhneachta eolaíche agus bagairtí go bhféadfaí damáiste tromchúiseach nó do- chúlaithe a dhéanamh don chomhshaol nó do shábháilteacht agus sláinte cheirde, féadfaidh Páirtí bearta a ghlacadh chun damáiste den sórt sin a sheachaint, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim.

AIRTEAGAL 13

Trédhearcacht

1. Déanfaidh gach Páirtí, d'fhonn feasacht a áirithiú agus deiseanna réasúnacha le haghaidh daoine leasmhara agus páirtithe leasmhara tuairimí a chur isteach, na bearta seo a leanas a fhorbairt, a achtú agus a chur chun feidhme ar bhealach trédhearcach:

- (a) bearta arb é is aidhm dóibh an comhshaol nó dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d'infheistíocht a chosaint; nó
- (b) bearta trádála nó infheistíochta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chosaint an chomhshaoil nó do chosaint dálaí saothair,

2. Tabharfaidh gach Páirtí aird chuí ar theachtaireachtaí agus tuairimí ón bpobal maidir le hábhair a bhaineann leis an Iarscríbhinn seo. Féadfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, na grúpaí comhairleacha baile a bunaíodh de bhun Airteagal 15 den Iarscríbhinn seo chomh maith le pointe teagmhála an Pháirtí eile, a bunaíodh i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal 14, a chur ar an eolas faoi na teachtaireachtaí agus na tuairimí den sórt sin.

AIRTEAGAL 14

An Coiste Speisialta um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe agus Pointí Teagmhála

1. Leis seo bunaíonn na Páirtithe Coiste Speisialta um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe (Coiste TFI), faoi rialú Cuid VI den Chomhaontú seo, a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

- (a) teacht le chéile uair amháin sa bhliain, nó gan moill mhíchuí arna iarraidh sin ag ceachtar Páirtí,

(b) is iad ionadaithe ó na Páirtithe a bheidh ina gcomhchathaoirligh, ar leibhéal iomchuí, air; agus

(c) a thuairisciú do Chomhairle CCE.

2. Déanfaidh an Coiste um TFI na nithe seo a leanas:

(a) déanfaidh sé éascú, faireachán agus athbhreithniú ar chur chun feidhme na hIarscríbhinn seo;

(b) déanfaidh sé na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 18 den Iarscríbhinn seo;

(c) cuirfidh sé le hobair Choiste na nOifigeach Sinsearach maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo, lena n- áirítear maidir le hábhair atá le plé le Coiste Comhairleach CCE dá dtagraítear in Airteagal 108 den Chomhaontú seo;

(d) breithneoidh sé aon ábhar eile a bhaineann leis an Iarscríbhinn seo mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

3. Féadfaidh Coiste TFI a rialacha nós imeachta féin a bhunú, agus beidh feidhm mutatis mutandis ag rialacha nós imeachta Choiste na nOifigeach Sinsearach ina n- éagmais.

4. Foilseoidh Coiste TFI tuarascáil tar éis gach ceann dá chruinnithe.

5. Ar teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála laistigh dá riarachán chun cumarsáid agus comhordú idir na Páirtithe a éascú ar aon ábhar a bhaineann leis an Iarscríbhinn seo. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála a phointe teagmhála. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

AIRTEAGAL 15

Grúpaí Comhairleacha Baile

1. Cruthóidh gach Páirtí grúpa comhairleach baile nua nó ainmneoidh sé ceann atá ann cheana, laistigh de bhliain ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tabharfaidh an grúpa comhairleach baile comhairle don Pháirtí lena mbaineann maidir le saincheistean a chumhdaítear leis an gComhaontú seo. Is éard a bheidh ann ionadaíocht chothrom ar eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta, lena n- áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí chomh maith le ceardchumann atá gníomhach faoi chúrsaí eacnamaíocha, faoin bhforbairt inbhuanaithe, faoi chúrsaí sóisialta, faoi chearta an duine, faoi chúrsaí comhshaoil agus faoi ábhair eile. Féadfar an grúpa comhairleach baile a thionól i bhfoirmíochtaí éagsúla chun plé a dhéanamh ar chur chun feidhme fhorálacha difriúla an Chomhaontaithe seo.
2. Tiocfaidh gach Páirtí agus a ghrúpa comhairleach baile le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Breithneoidh gach Páirtí tuairimí nó moltaí a chuirfidh a ghrúpa comhairleach baile faoina bhráid maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.
3. Chun feasacht an phobail ar na grúpaí comhairleacha baile a chur chun cinn, foilseoidh gach Páirtí liosta na n- eagraíochtaí atá rannpháirteach ina ghrúpa comhairleach baile chomh maith le liosta de phointí teagmhála an ghrúpa sin.
4. Déanfaidh na Páirtithe idirghníomhaíocht idir a ngrúpaí comhairleacha baile faoi seach a chur chun cinn, lena n- áirítear a rannpháirtíocht ag Coiste Comhairleach CCE a bunaíodh de bhun Airteagal 108 den Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 16

Díospóid a Sheachaint agus a Réiteach

1. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht trí idirphlé, trí chomhairliúchán, trí mhalartú faisnéise agus trí chomhar chun aghaidh a thabhairt ar aon easaontas maidir le cur i bhfeidhm na hIarscríbhíne seo.
2. I gcás easaontais idir na Páirtithe maidir le cur chun feidhme na hIarscríbhíne seo, beidh teacht ag na Páirtithe, go heisiach, ar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí a bunaíodh de bhun Airteagail 17 agus 18 den Iarscríbhíne seo.

AIRTEAGAL 17

Comhairliúcháin agus Idirghabháil

1. Mura ndéantar foráil dá mhalairt san Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 110 agus 111 den Chomhaontú seo.
2. Reáchtálfar na comhairliúcháin laistigh de fiche (20) lá tar éis dháta fála na hiarrata ag an bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh agus measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche laistigh de nócha (90) lá ón dáta fála sin, mura gcomhaontóidh na Páirtithe leanúint ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

3. I gcás ina mbaineann na comhairliúcháin le forálacha a bhaineann le comhaontuithe nó ionstraimí iltaobhacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo, cuirfidh na Páirtithe faisnéis ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) nó ó eagraíochtaí nó comhlachtaí ábhartha a bunaíodh faoi MEAnna san áireamh chun comhleanúnachas idir obair na bPáirtithe agus na n-eagraíochtaí nó na gcomhlachtaí sin a chur chun cinn. I gcás inarb ábhartha, iarrfaidh na Páirtithe comhairle ó na heagraíochtaí nó comhlachtaí sin, nó ó aon saineolaí nó comhlacht eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí. Féadfaidh gach Páirtí, más iomchuí, tuairimí na ngrúpaí comhairleacha baile a bunaíodh de bhun Airteagal 15 den Iarscríbhinn seo nó comhairle ó aon saineolaí eile a lorg.

4. Cuirfear aon réiteach a bhaineann na Páirtithe amach ar fáil go poiblí.

AIRTEAGAL 18

Díospóidí a Réiteach

1. Mura ndéantar foráil dá mhalairt san Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 112 go 115, Airteagal 116 (1), (3), (4) agus (5), Airteagail 119 go 124, Airteagal 125(2) agus (3), agus Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú seo.

2. Déanfaidh Coiste TFI a leagtar amach de bhun Airteagal 14 den Iarscríbhinn seo, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, liosta de 15 dhuine aonair ar a laghad a bhunú, ar daoine aonair iad atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar eadránaithe le haghaidh díospóidí faoin Iarscríbhinn seo. Beidh trí fholiosta sa liosta: foliosta amháin do gach Páirtí a fheidhmeoidh mar eadránaithe; agus foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a bheidh le fáil chun feidhmiú mar Chathaoirleach an bhoird eadrána. Áireofar cúigear (5) ar a laghad ar gach foliosta. Áiritheoidh Coiste TFI go gcoinneofar an liosta ar an leibhéal sin i gcónaí, i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta.

3. Beidh eolas speisialaithe ag na headránaithe nó saineolas ar dhlí an tsaothair nó ar dhlí an chomhshaoil, ar shaincheistean a dtugtar aghaidh orthu san Iarscríbhinn seo, nó ar réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Beidh siad neamhspleách, beidh siad ag fónamh ina gcáil aonair agus ní thógfaidh siad treoracha ó aon eagraíocht ná rialtas, ná ní bheidh siad cleamhnaithe le rialtas aon Pháirtí, agus comhlíonfaidh siad an cód iompair atá i gceangal leis na rialacha nós imeachta atá le glacadh ag Comhairle CCE laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo de bhun Airteagal 125(4).

4. I gcás ina bhfuil bord eadrána comhdhéanta de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 113 den Chomhaontú seo, roghnófar na headránaithe ó na daoine ábhartha ar na foliostaí dá dtagraítear i mír 2.

5. Maidir le hábhair a bhaineann le comhaontuithe agus ionstraimí iltaobhacha a chomhlíonadh dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo, ba cheart a áireamh i bhfaisnéis nó i dtuairim shaineolach a iarrann an bord eadrána de bhun Airteagal 121 faisnéis agus comhairle ó EIS nó ó chomhlachtaí nó eagraíochtaí ábhartha a bunaíodh faoi na MEAnna.

6. Déanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis rialú an bhoird eadrána a thabhairt, a ghrúpa comhairleach baile a leagadh suas de bhun Airteagal 15 den Iarscríbhinn seo a chur ar an eolas maidir leis na bearta comhlíontachta a rinne sé nó a bheartaíonn sé a dhéanamh de bhun Airteagal 115(4) den Chomhaontú seo.

7. Déanfaidh an Coiste TFI faireachán ar chur chun feidhme na mbeart comhlíontachta. Féadfaidh na grúpaí comhairleacha baile barúlacha a chur faoi bhráid an Choiste TFI ina leith sin.